

**Scéal**

**Story**

(le Bairbre McCarthy)

|   |  |
|---|--|
| 1. Nuair a bhí Eochaidh ina ardrí ar Éirinn agus é ag lorg mná céile, rinne sé turas ar fud na tíre chun an cailín is fearr in Éirinn a fháil.  | When Eochaidh was High King of Ireland and was searching for a wife, he made a journey throughout the land to find the best girl in Ireland.   |
| 2. Lá amháin, tháinig sé go tobar in aice le caisleán Étair i gCúige Uladh.   | One day, he came to a well next to Etar's castle in the province of Ulster.  |
| 3. Bhí a lán cailíní ag tarraingt uisce ón tobar.   | There were many girls drawing water from the well.   |
| 4. Chonaic Eochaidh cailín álainn ina measc.  | Eochaidh saw a beautiful girl among them.  |
| 5. Bhí crúiscín óir i lámh an chailín agus bhí an dath céanna ar a gruaig fhada.  | There was a golden jug in the girl's hand and the same color on her long hair.   |
| 6. Bhí sí cosúil le sióg agus thit Eochaidh i ngrá léi ar an bpointe.   | She was like a fairy and Eochaidh fell in love with her on the spot.   |
| 7. Étaín ab ainm don chailín álainn agus iníon Étair ba ea í.   | The girl's name was Etain she was the daughter of Etar.  |
| 8. Nuair a fuair sí amach go raibh Eochaidh i ngrá léi, socraíodh an cleamhnas agus chuaigh Étaín ar ais go Teamhair mar bhean chéile an ardrí.   | When she found out that Eochaidh was in love with her, the marriage was agreed upon and Etain went back to Tara as wife of the high king.  |
| 9. Bhí Eochaidh agus Étaín an-áthasach ina saol le chéile agus thug an t-ardrí cuireadh do thiarnaí na hÉireann teacht chuig feis ar chnoc Teamhrach.   | Eochaidh and Etain were very happy in their life together and the high king sent out invitations to the chieftains of Ireland to come to the feis on the hill of Tara.                     |
| 10. Ansin tháinig na tiarnaí go léir lena mná céile agus bhí caint agus ceol le cloisteáil ar fud an chaisleáin.  | Then all the chieftains came with their wives and there was conversation and music to be heard throughout the castle.  |
| 11. Bhí na seanchaithe agus na filí ab fhearr in Éirinn ag insint na scéalta agus na dánta Ceilteacha agus ina measc bhí fear ard, fionn, ag insint scéalta faoi Thuatha Dé Danann agus faoi Thír na nÓg. | The finest storytellers and poets in Ireland were reciting Celtic stories and poems, and among them was a tall, fair-haired man telling stories about the Tuatha Dé Danann and Tír na nÓg. |

# Ceacht a Ceathair

## Lesson Four

# Tóraíocht Étaín

## The Wooing of Etain

# Leathanach 2

## Page 2

|  |  |  |                                     |   |
|--|--|--|-------------------------------------|---|
| bí (be)<br>déan (make)   | <b>An raibh</b> Eochaidh ina ardrí?<br><b>An ndearna</b> sé turas ar fud na tíre?  | Was Eochaidh a high king?<br>Did he make a journey all over the country?                                       | Bhí.<br>Rinne                       | Ní raibh.<br>Ní dhearna.                            |
| tar (come)<br>feic (see)<br>faigh (get)                        | <b>Ar tháinig</b> sé go tobar?<br><b>An bhfaca</b> Eochaidh cáilín álainn?<br><b>An bhfuair</b> sí amach go raibh sé in grá léi? | Did he come to a well?<br>Did Eochaidh see a beautiful girl?<br>Did she find out that he was in love with her? | Tháinig<br>Chonaic<br>Fuair         | Níor tháinig.<br>Ní fhaca.<br>Ní bhfuair.           |
| tabhair (give)<br>téigh (go)                                   | <b>Ar thug</b> sé cuireadh dóibh?<br><b>An ndeachaigh</b> sí go Teamhair?  | Did he invite them?<br>Did she go to Tara?   | Thug.<br>Chuaigh.                   | Níor thug.<br>Ní dheachaigh.                        |
| ith (eat)<br>clois (hear)<br>beir (bare, catch)<br>abair (say) | <b>Ar ith</b> sé an bia?<br><b>Ar chuala</b> tú an scéal?<br><b>Ar rug</b> sé ort?<br><b>An ndúirt</b> tú é sin?                 | Did he eat the food?<br>Did you hear the news?<br>Did he catch you?<br>Did you say that?                       | D'ith.<br>Chuala.<br>Rug.<br>Dúirt. | Níor ith.<br>Níor chuala.<br>Níor rug.<br>Ní dúirt. |

1



|                       |                   |
|-----------------------|-------------------|
| <b>a haon</b>         | <b>number one</b> |
| caisleán / caisleáin  | castle(s)         |
| caora / caoirigh      | sheep             |
| bó / ba               | cow(s)            |
| féar                  | grass             |
| crann / crainn        | tree(s)           |
| sliabh / sléibhte     | mountain(s)       |
| cnoc / cnoic          | hill(s)           |
| rí / rithe            | king(s)           |
| banríon / banríonacha | queen(s)          |

Cad atá sa phictiúr seo?  
What's in this picture?  
Cad atá os comhair an chaisleáin?  
What's in front of the castle?  
Cad atá taobh thiar den chaisleán?  
What's behind the castle?  
An raibh tú riabh i gcaisleán?  
Where you ever in a castle?  
Cad a itheann ba agus caoraigh?  
What do cows and sheep eat?

2



|                        |                   |
|------------------------|-------------------|
| <b>a dó</b>            | <b>number two</b> |
| bainis                 | wedding           |
| brídeach               | bride             |
| fear nuaphósta         | bridegroom        |
| fáinne / fáinní        | ring(s)           |
| aoi / aionna           | guest(s)          |
| cathaoir/cathaoireacha | chair(s)          |
| ar an trá              | on the beach      |
| gaineamh               | sand              |
| spéir                  | sky               |
| scamall / scamail      | cloud(s)          |
| farraige               | ocean             |

Cad atá ar siúl sa phictiúr seo?  
What's going on in this picture?  
Cé atá sa phictiúr?  
Who is in the picture?  
Cá bhfuil siad?  
Where are they?  
Cá bhfuil na haíonna ina suí?  
Where are the guests sitting?  
An bhfuil an lá go deas?  
Is the day nice?

3



|                        |                     |
|------------------------|---------------------|
| <b>a trí</b>           | <b>number three</b> |
| cóisir breithlae       | birthday party      |
| buachaill / buachaillí | boy(s)              |
| páiste / páistí        | child(ren)          |
| císte / cístí          | cake(s)             |
| coinneal / coinnle     | candle(s)           |
| seisear                | six people          |
| balún / balúin         | balloon(s)          |
| buí                    | yellow              |

Cé atá sa phictiúr seo?  
Who's in this picture?  
Cad atá ar siúl?  
What's going on?  
Cad atá os comhair an bhuachalla?  
What's in front of the boy?  
Cad atá ar an gcíste?  
What's on the cake?  
Cé mhéad páiste atá ag an gcóisir?  
How many kids are at the party?